Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Deireadh Fómhair 2019**
**(OR. en)**

**12799/19**

**COLAC 66**
**CFSP/PESC 750**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12794/19 COLAC 65 CFSP/PESC 749 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Nicearagua<br>- Conclúidí ón gComhairle (14 Deireadh Fómhair 2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Nicearagua, arna nglacadh ag an gComhairle Gnóthaí Eachtracha ag an gcruinniú a bhí aici ar an 14 Deireadh Fómhair 2019.

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE NICEARAGUA

**An Chomhairle Gnóthaí Eachtracha, 14 Deireadh Fómhair 2019**

1. Meabhraítear don Aontas Eorpach (AE) na conclúidí ón gComhairle an 21 Eanáir 2019, mar aon le ráitis éagsúla a rinneadh ó mhí Aibreáin 2018 i leith, inar chuir sí in iúl gur cúis imní di an staid pholaitiúil agus shóisialta atá ag dul in olcas i Nicearagua agus inar cháin sí go láidir an brú faoi chois atá á dhéanamh ag na fórsaí slándála agus grúpaí armtha atá ar son an rialtais ar an lucht freasúra polaitiúil, ar léirsitheoirí, ar na meáin neamhspleácha agus ar eagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta atá ag tarlú go leanúnach ó mhí Aibreáin 2018 i leith. Dhiúltaigh sí úsáid a bhaint as dlíthe frithsceimhlitheoireachta chun tuairimí easaontacha a ghéarleanúint agus a choiriúlú. Dhearbhaigh an tAontas freisin go bhfuil rún daingean aici a cuid ionstraimí uile a úsáid chun tacú le réiteach síochánta, trí mheán na caibidlíochta, ar an ngéarchéim agus an rún atá aige faireachán géar a dhéanamh ar an staid sa tír chun frithghníomhú in aghaidh aon mheathlaithe eile ar chearta an duine agus ar an smacht reachta.

2. Ó na conclúidí ón gComhairle ó mhí Eanáir 2019 i leith, is cúis mhór imní é i gcónaí an staid fhoriomlán maidir le cearta an duine agus rialachas daonlathach. Maidir le bearta institiúideacha agus le bearta reachtacha a glacadh chun críche an athmhuintearais, mar a luadh, amhail an Dlí Maithiúnais a ghlac Comhthionóil Náisiúnta Nicearagua i mí an Mheithimh seo, cuireadh i bhfeidhm iad gan chomhairliúcháin agus ní chomhlíontar leo na prionsabail ábhartha idirnáisiúnta. Ní dhearnadh obair leantach ar bhonn na tuarascála ón nGrúpa Saineolaithe Neamhspleácha maidir le sáruithe ar chearta an duine a rinneadh ón 18 Aibreán 2018 i leith. Tá an chuntasacht ina gné thábhachtach don fhírinne, don cheartas agus don athmhuintearas. Ní raibh na céimeanna dearfacha a bhain le scaoileadh saor roinnt mhaith príosúnach polaitiúil ag gabháil le cur chun feidhme na gcomhaontuithe uile ó mhí an Mhárta 2019 idir an rialtas agus an Chomhghuaillíocht Shibhialta, go háirithe maidir le cearta sibhialta agus polaitiúla a athbhunú. Is droch-chomhartha é go bhfuil sé diúltaithe idirphlé a chur ar bun arís leis an lucht freasúra maidir le toil an rialtais oibriú le chéile chun réiteach síochánta, daonlathach a fháil ar an ngéarchéim.

3. Mar thoradh air sin, agus sa bhreis ar na hiarrachtaí leanúnacha polaitiúla agus taidhleoireachta chun tacú leis an gceartas agus leis an daonlathas, chinn an Chomhairle inniu creat a ghlacadh le haghaidh bearta sriantacha spriocdhírithe. Leis an gcreat a glacadh, ceadaítear cur chuige solúbtha a bheidh ann de réir a chéile, maidir le hainmniúcháin aonair sriantacha do thoirmeasc taistil agus do shócmhainní a reo, de réir mar is iomchuí. Féadfar ainmniúcháin ar leith a chur isteach ina dhiaidh sin i gcás go rachadh an tsáinn ina bhfuilimid i bhfad, nó má tá aon mheathlú breise ar chearta an duine agus ar an smacht reachta, nó féadfar iad a tharraingt siar i gcás céimeanna dearfacha, cinntitheacha. Cuireann an tAontas i dtreis go bhfuil a chuid bearta sriantacha spriocdhírithe agus go bhfuil siad ceaptha le nach ndéanfar dochar do dhaonra Nicearagua.

4. Sa chomhthéacs sin, meabhraítear don Aontas na trí phríomhréimse inar gá dul chun cinn inbhraite a dhéanamh chun na dálaí a chruthú le go mbeifear in ann teacht tríd an ngéarchéim ar bhealach síochánta, daonlathach: 1) na comhaontuithe ón 29 Márta 2019 a chur chun feidhme ina n-iomláine chun cearta agus ráthaíochtaí sibhialta agus polaitiúla a neartú, lena n-áirítear saoirsí polaitiúla a athbhunú mar aon le stádas dlíthiúil eagraíochtaí na sochaí sibhialta, a bhfuil toirmeasc curtha orthu, le go bhfillfidh deoraithe go sábháilte dá ndeoin féin agus le go scaoilfear saor na príosúnaigh pholaitiúla atá fós ann agus le go ndéanfar na cúisimh a scor. Ciallaíonn sin freisin deireadh a chur leis an gciapadh agus leis an imeaglú a dhéantar ar phríosúnaigh pholaitiúla atá scaoilte saor agus ar a dteaghlaigh, lena ráthófar a sábháilteacht agus a sláine fhisiciúil. 2) comhar iomlán le comhlachtaí idirnáisiúnta um chearta an duine agus na comhlachtaí sin a thabhairt ar ais chuig Nicearagua, lena n-áirítear Oifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine (OHCHR) agus an Coimisiún Idir-Mheiriceánach um Chearta an Duine (IACHR); agus 3) comhaontú maidir le hathchóirithe toghcháin agus institiúideacha idir an rialtas agus an lucht freasúra, lena n-áirítear an Chomhghuaillíocht Shibhialta atá dírithe ar thoghcháin chothroma thrédhearcacha a ráthú.

5. Iarrann an tAontas go práinneach ar rialtas Nicearagua agus ar na páirtithe uile dul i mbun idirphlé náisiúnta arís, ar bhonn cuiditheach, cuimsitheach, a bheidh dírithe ar thorthaí, lena n-áirítear maidir le hathchóirithe toghcháin a ghlacadh i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta mar chéim bhunriachtanach chun muinín in institiúidí poiblí a athbhunú. Tá an tAontas réidh chun a thacaíocht a thabhairt má iarrann na páirtithe amhlaidh.

6. Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta leanúint de bheith ag obair ar bhealach síochánta chun teacht as an ngéarchéim atá ann faoi láthair agus chun tacú le muintir Nicearagua a gcuid riachtanas agus mianta práinneacha a chomhlíonadh.